

# **Ceud Epistil Phoil absdail chum na Dteessalonicanach**

## The First Epistle of Paul to the Thessalonians

### *An Irish and English Parallel Bible*

The Irish translation was accomplished by William O'Domhnuill in 1602, and has been copied from an 1817 edition of that translation. William O'Domhnuill (d.1628), known also as William O'Daniel, Archbishop of Tuam was a native of Kilkenny, Ireland. It was while at Trinity College that William took up the work of translating *The New Testament - Tiomna Nuadh* into Irish. This work was begun by Nicolas Walsh, Bishop of Ossory, who was murdered in 1585, and afterwards it was continued by John Kearney (who translated and published the first Irish [protestant] Catechism, printed in Dublin in 1571), and Nehemias Donellan, Archbishop of Tuam in 1595. This translation was dedicated to the newly ascended King James I, and published by O'Daniel in 1603.

The English translation used in this booklet is the King James Version (KJV) of the Holy Bible, commissioned by King James I of England in 1604. The translation work was completed by forty-seven learned Biblical scholars in 1611 and published that same year. It has had the most profound impact not only on English literature as a whole, world-wide, but also on English-speaking peoples, world-wide! This same version is often referred to as the Authorised Version (AV). Despite its age, it is still very readable by the average reader today, and it remains one of the most widely-read literary works of all time.

## **Chapter**

**1                  2**

**3                  4                  5**

# Ceud Epistil Phoil absdail chum na Dtesalonicanach

## The First Epistle of Paul to the Thessalonians

William O'Domhnuill New Testament  
of 1602; 1817 edition

The Authorized English Bible of 1611  
1769 Edition

### Caibidil 1

Ata díthcheall na Dtesalonicanach, 6 ioná scathan do na huile Chriosduighibh.

**1** Pol, agus Silbhánus, agus Timotéus, chum eagluise na Dtesalónicanach a Ndía Athar, agus sa Dtíghearna Iósa Críosd: Grásá maille ribh, agus síothcháin ó Dhía ar Nathair, agus ón Dtíghearna Iósa Críosd.

**2** Beirmíd buidheachas ré Día do shíor ar bhur sonsa uile, dá bhur gcoimhniughadh ann ar núnruighibh;

**3** Gan sgur dá bheith ag coimhniughadh bhur nobair creidimh, agus sáothar carrthannachda, agus foíghide *bhur* muinighne ann ar Dtíghearna Iósa Críosd, a bfiadhnusi Dé éadhon ar Nathair:

**4** Ar mbeith fios bhur ndoghasa aguinn, a dhearbháithre, as ionmhuin ré Día.

**5** Óir ní a mbréithir amháin do bhí an soisgéal do rinneamar a sheanmóir dhaóibhse, achd a gcúmhachd mar an gcéudna, agus sa Sbiorad Náomh, agus a láindearbhthachd; do réir mar as aithnígh dhíbh an gléus ann a rabhamar bhur measg ar bhur sonsa.

**6** Agus do rinneadh luchd leanmhana dhúinne, agus don Tíghearna dhíbh, ar ngabháil na breithre chuguibh a mbuáidhirt mhóir, maille ré gairdeachas an Sbiorad Náóimh:

**7** Ionnas go rabhabhair bhur neisiompláiribh don mhéid agá bhfuil creideamh a Macedónia agus a Nachaía.

**8** Óir do clós fuáim bhréithre an Tíghearna uáibhse amach, ní hé amháin a Macedónia agus a Nachaía, achd do leathnuidh bhur gcreideamh a Ndía sa nuile áit mar an gcéudna; ionnas nach bhfuil na ríachdanas oruinne éinní labhairt.

**9** Óir foillsighid féin oruinn, cionnas do chúadhmar a steach chuguibhse, agus an gléus air ar fhíll sibhsé ó íodhaluibh chum Dé chum seirbhíse do dhéunamh don Día bhéo fhírinneach;

**10** Agus chum fuireach ré na Mhac ó neamh, noch do thóg sé súas ó mharbhuibh, *eadhon*

### Chapter 1

**1** Paul, and Silvanus, and Timotheus, unto the church of the Thessalonians *which is in God the Father and in the Lord Jesus Christ: Grace be unto you, and peace, from God our Father, and the Lord Jesus Christ.*

**2** We give thanks to God always for you all, making mention of you in our prayers;

**3** Remembering without ceasing your work of faith, and labour of love, and patience of hope in our Lord Jesus Christ, in the sight of God and our Father;

**4** Knowing, brethren beloved, your election of God.

**5** For our gospel came not unto you in word only, but also in power, and in the Holy Ghost, and in much assurance; as ye know what manner of men we were among you for your sake.

**6** And ye became followers of us, and of the Lord, having received the word in much affliction, with joy of the Holy Ghost:

**7** So that ye were ensamples to all that believe in Macedonia and Achaia.

**8** For from you sounded out the word of the Lord not only in Macedonia and Achaia, but also in every place your faith to God-ward is spread abroad; so that we need not to speak any thing.

**9** For they themselves shew of us what manner of entering in we had unto you, and how ye turned to God from idols to serve the living and true God;

**10** And to wait for his Son from heaven, whom he raised from the dead, *even* Jesus, which delivered us from the wrath to come.

Iósa, sháorus sinne ón bhfearg atá chum teachda.

## Caibidil 2

*Sompla an fhoir-theagaisc, 13 agus na ndéagh-luchd éisdeachd.*

**1** Oir, atá a fhios aguibh féin, a dhearbháithre, nár dhíomhaón ar ndul a steachne chuguibh:

**2** Achd fós ar bhfulang dhúinn roimhe, agus tar éis ar masluighthe, a Bhfilippí, do réir mar as aithnígh dhíbhse, do rinneamar dánachd as ar Ndía féin ré soisgéal Dé do sheanmóruughadh dhíbhse maille ré hiomad sbárna.

**3** Oír ní raibh ar dteaguísgne tré mhealltóireachd, ná tré neamhghloine, ná tré cheilg:

**4** Achd amhail fuair Día dúil ionnuinn ré cúram an tsoisgél do chur oruinn, as dá réir sin labhramaoid; ní mar dhruing do ní toil na ndaóineadh, achd *toil* Dé dhearbhús ar gcroídhthe.

**5** Oír ní dhearnamar a ríamh slíomadóireachd bhriathar, mar as aithnígh dhíbhse, na leithsgéul sainte; atá Día dfiadhnuise air:

**6** Agus níor íarramar glóir ó dhaónibh, ná uáibhse, ná aróile: bíodh gur bhféidir linn trom do léigean *oruibhse*, mar absdaluibh Chríosd.

**7** Achd do bhámar caóin bhur measg, agus amhail do bhíadh buime ag altrom a cloinne:

**8** Is mar sin, ar mbeith dhúinne fonnmar ionnuibhse, bá mían rinn ní hé amháin soisgéal Dé do roinn ribh, achd ar nanmanna féin mar an gcéudna, do bhrígh go rabhabhair ríonmuin dhúinn.

**9** Oír as cúimhain libh, a dhearbháithre, ar sáothairne agus ar nanshógh: óir ar mbeith dhúinn ag déunamh sáothair do ló agus doidhche, deagla ar dtruim do léigean ar éunduine aguibhse, do rinneamar soisgéal Dé do sheanmóir dhaóibh.

**10** As fiadhnuisighe sibhse, agus Día, créd é a náomhtha, agus a chómhthruime agus a neamhlochduíghe do iomchramar sinn féin eadruibhse an drung chreideas:

**11** Mar as aithnígh dhíbh cionnas do bhímís ag teagasg agus ag furtachd agus ag guidhе gach aón fó leith aguibh, amhail *do dhéunadh* athair ré na chloinn,

**12** Ionnus go siubhalfadh sibh go cúbhaidh do Dhía, noch do ghoireas sibh chum a ríoghachda agus a ghlóire féin.

## Chapter 2

**1** For yourselves, brethren, know our entrance in unto you, that it was not in vain:

**2** But even after that we had suffered before, and were shamefully entreated, as ye know, at Philippi, we were bold in our God to speak unto you the gospel of God with much contention.

**3** For our exhortation *was* not of deceit, nor of uncleanness, nor in guile:

**4** But as we were allowed of God to be put in trust with the gospel, even so we speak; not as pleasing men, but God, which trieth our hearts.

**5** For neither at any time used we flattering words, as ye know, nor a cloke of covetousness; God *is* witness:

**6** Nor of men sought we glory, neither of you, nor *yet* of others, when we might have been burdensome, as the apostles of Christ.

**7** But we were gentle among you, even as a nurse cherisheth her children:

**8** So being affectionately desirous of you, we were willing to have imparted unto you, not the gospel of God only, but also our own souls, because ye were dear unto us.

**9** For ye remember, brethren, our labour and travail: for labouring night and day, because we would not be chargeable unto any of you, we preached unto you the gospel of God.

**10** Ye *are* witnesses, and God *also*, how holily and justly and unblameably we behaved ourselves among you that believe:

**11** As ye know how we exhorted and comforted and charged every one of you, as a father *doth* his children,

**12** That ye would walk worthy of God, who hath called you unto his kingdom and glory.

**13** Ar a nadhbharsin bímídne mar an gcéudna gan sgur ag breith bhuídheachais ré Día, do bhrígh, ar ngabháil bhréithre Dé chuguibh noch do chúalabhair uáinne, gur ghabhabhair chuguibh é ní *mar* bhréithir dháonna, achd (do réir mar atá sé go firinneach) mar bhréithir Dé, noch fós oibrigheas ionnuibhse an drung chreideas.

**14** Oír a dhearbháráithre, do rinneadh dhíbhse, luchd leanmhana eaglaiseadh Dé nach átá a *dtír* Iúdaighe a Níosa Críosd: do bhrígh gur fhulaing sibh na neithe céudna ó bhur luchd éintíre féin, amhuiil *do fhuilngeadarsan* ó na Iúduighibh:

**15** Noch fós do chuir an Tíghearna Iósa chum báis, agus na fáidhe do bhí aca féin, agus do rinne gérleanmhuin oruinne; agus nach dtaitneann ré Día, agus atá conntrárrdha do na huile dhaóinibh:

**16** Ag toirmeasg oruinne labhaint ris na Cineadhachuibh chum a slánuighthe, chum bheith dhóibh ag sirlíonadh a bpeacuighibh: oír táinic a nfearg orrtha go síorruidhe.

**17** Agus ar mbeith dhúinne, dealuighe ribh a dhearbháráithre, ar feadh tamuill bhig a bpearsuinn, ní a gcroídhe, as móide do rinneamar dithcheall é chum bhur naighthe dfaicsin maille ré hiomad míana.

**18** Uime sin bá mían rinn teachd chuguibh, riumsa Pól go háirighe,) uáir no dhó; achd do chuir Sátan toirmeasg oruinn.

**19** Oír créd í ar muinighin, nó ar ngáirdeachas, no ar gcoróní ghloire? A né nach sibhse *íad* a bhfiadhnuise ar Dtíghearna Iósa Críosd agá theachd?

**20** As sibh go deimhin ar nglóir agus ar ngáirdeachas.

### Caibidil 3

*Athchoinghe Phóil, 10 arson méudughadh creideamh dhóibh.*

**1** Ar a nadhbharsin ó nar bhféidir linn congmháil oruinn ní búdh faide, do chonncas dúinn gur bhindéunta ar bhfagbháil a Nátens ar náonar;

**2** Agus do chuireamar Timotéus, ar ndearbháráthair, agus minisdir Dé, agus ar bhfeart cabhartha a soisgéul Chríosd, chum sibhse neartughadh, agus do theagusg do tháobh bhur gcréidimh:

**3** Ionnus nach biadh éunduine aguibh sóbhogtha sna buáidhearthuibhse: oír atá a fhios aguibh féin gur hórduigheadh sinn chuige so.

**13** For this cause also thank we God without ceasing, because, when ye received the word of God which ye heard of us, ye received it not as the word of men, but as it is in truth, the word of God, which effectually worketh also in you that believe.

**14** For ye, brethren, became followers of the churches of God which in Judaea are in Christ Jesus: for ye also have suffered like things of your own countrymen, even as they have of the Jews:

**15** Who both killed the Lord Jesus, and their own prophets, and have persecuted us; and they please not God, and are contrary to all men:

**16** Forbidding us to speak to the Gentiles that they might be saved, to fill up their sins alway: for the wrath is come upon them to the uttermost.

**17** But we, brethren, being taken from you for a short time in presence, not in heart, endeavoured the more abundantly to see your face with great desire.

**18** Wherefore we would have come unto you, even I Paul, once and again; but Satan hindered us.

**19** For what is our hope, or joy, or crown of rejoicing? Are not even ye in the presence of our Lord Jesus Christ at his coming?

**20** For ye are our glory and joy.

### Chapter 3

**1** Wherefore when we could no longer forbear, we thought it good to be left at Athens alone;

**2** And sent Timotheus, our brother, and minister of God, and our fellowlabourer in the gospel of Christ, to establish you, and to comfort you concerning your faith:

**3** That no man should be moved by these afflictions: for yourselves know that we are appointed thereunto.

**4** Oir go deimhin an tan do bhámar bhur bhfochair, dinníseamar dhíbh roimh láimh go néireochadh buáidhirt dhúinn; do réir mar thárrla, agus áta a fhíos aguibhse.

**5** Ar a nadhbharso, ó nár bhféidír leamsa congmháil oramní budh fhaide, do chuir mé *eision* chuguibh chum feasa bhur gcreidimh dfagháil, deagla gur chuir an cathuigheóir cathughadh oruibh a gcás ar bith, agus go mbíadhar sáothairne díomhaóin.

**6** Achd a nois go déigheanach ar dteachd do Thimotéus uaíbhse chuguinne, agus ar dtábhaint dhéaghtéisde ar bhur gcreideamh agus ar bhur ngrádh dhúinn dó, agus go bhfuil déaghchoimhne aguibh oruinn, ar mbeith dhíbh do shíor fonnmar ar sinne dfaicsin, amhuil atámuindne fós ribhse:

**7** Dá bhrígh sin, a dhearbháithre, fúaramar furtachd bhur dtáobh ann ar nuile bhuáidhirt agus ríachdanas tré bhur gcreideamh:

**8** Oír atámuindne a nois béo, dá seasuidh sibhse sa Dtíghearna.

**9** Oír créd é an buídheachas as féidir linne do thabhairt mar mhalaírt do Dhía ar bhur sonsa, do bhrígh a nuile gháirdeachais re a ndéunmuid gairdeachas thríbhse a bhfiadhnuise ar Ndé féin;

**10** Dá íarruidh dathchuингhe go ro dhithchiollach do ló agus doidhche bhur naghuidh dfaicsin, agus uireasbhuidh bhur gcreidimh do leasughad?

**11** Agus go dtréoruidh Día féin eadhon ar Nathaír, agus ar Dtíghearna Iósá Críosd sinn, sa tslíghé dhírigh chuguibhse.

**12** Agus go méuduighe an Tíghearna sibh agus go dtuguidh fódeara dhíbh líonadh a ngrádh dhá chéile, agus do na huile *dhaónibh*, do réir mar atámuindne fós díbhse:

**13** Chum bhur gcroidheadh do dhaingniughadh neimchiontach a náomhthachd a bhfiadhnuisi Dé eadhon ar Nathar, a dteachd ar Dtíghearna Iósá Críosd maille ré na nuile náomhuibh.

#### Caibidil 4

*Iarrfa sé orra, 11 a ngnothuighe fein do dheanamh, 13 agus gan na marbh do rochaóineadh.*

**1** Tuilleadh eile a dhearbháithre, cuirmíd dimpidhe agus dathchuinge oruibh, trés an Dtíghearna Iósá, sibh theachd ar bhur nághuidh ní sa mhó ná chéile, do réir mar fúarabhair uáinne an gléus air ar cóir dhaoibh síubhal, agus toil Dé do dhéunamh.

**4** For verily, when we were with you, we told you before that we should suffer tribulation; even as it came to pass, and ye know.

**5** For this cause, when I could no longer forbear, I sent to know your faith, lest by some means the tempter have tempted you, and our labour be in vain.

**6** But now when Timotheus came from you unto us, and brought us good tidings of your faith and charity, and that ye have good remembrance of us always, desiring greatly to see us, as we also *to see you*:

**7** Therefore, brethren, we were comforted over you in all our affliction and distress by your faith:

**8** For now we live, if ye stand fast in the Lord.

**9** For what thanks can we render to God again for you, for all the joy wherewith we joy for your sakes before our God;

**10** Night and day praying exceedingly that we might see your face, and might perfect that which is lacking in your faith?

**11** Now God himself and our Father, and our Lord Jesus Christ, direct our way unto you.

**12** And the Lord make you to increase and abound in love one toward another, and toward all *men*, even as we *do* toward you:

**13** To the end he may stablish your hearts unblameable in holiness before God, even our Father, at the coming of our Lord Jesus Christ with all his saints.

#### Chapter 4

**1** Furthermore then we beseech you, brethren, and exhort *you* by the Lord Jesus, that as ye have received of us how ye ought to walk and to please God, so ye would abound more and more.

**2** Oír atá a fhios aguibh créid íad na haitheanta thugamar dhaóibh trés an Dtíghearna Iósa.

**3** Oír a sí so toil Dé, sibhse do bheith náomhtha, ionnus go seachnochadh sibh sdriópachus:

**4** Agus fios do bheith ag gach áon aguibh ar a shoitheach féin do chongmháil a náomhthachd agus a nonóir;

**5** Agus ní a bhfonn ainmhánach, amhail *do ní* na Cineadhacha, ag nach bhfuil éolas Dé:

**6** Gan leathrom na méabhair do dhéunamh *dénneach* air a dhearbh Rathair: óir do ní Día dióghaltus sna neithibhse uile, do réir mar a dubhramar cheana ribh, agus do rinneamar dfiadhnuisi.

**7** Oír ní chum neamhghloine do ghoir Día sinn, achd chum náomhthachda.

**8** Ar a nadhbharsin an tí chuireas a neamhshuim *na neithesi*, ní a nduine atá neamhshúim aige, achd a Ndía, noch fós tug dhúinne a Sbiorad náomhtha féin.

**9** Achd a dtáobh ghrádh bhráithreamhui ní bhfuil sibhse a riachdanas sgríobhadh chuguibh: óir do teaguisgeadh sibh ó Dhía, chum a chéile do grádhughadh.

**10** Agus fós do níthí an ní céudna do na huile dhearbhraíthribh ar feadh na Macedónia uile: gidheadh íarrmuid dathchuinge oruibh, a dhearbhraíthre, teachd ar bhur nághuidh ní sa mhó na chéile;

**11** Agus bhur ndithchioll do dhéunamh ré bheith ciúin, agus re bhur ngnothuighibh féin do dhéunamh, agus ré sáothruaghadh dhíbh ré bhur lámhuibh féin, do réir na naitheantadh thugamairne dhíbh;

**12** Chum sibh féin diomchar go cubhaidh a dtáobh na druinge *atá* don táobh amuith, agus ionnus nách bíadh uireasbhuidh éinneithe oruibh.

**13** Agus a dhearbhraíthre, ní háill leam ainbfios do bheith oruibh, a dtáobh na muinntire atá na gcodladh, ionnas nach déunadh sibh doilgheas, mar an drung ag nách bhfuil muinighin.

**14** Oír má chréidmíd go bhfuáir Iósa bás agus gur eidéirghe sé, as amhluidh sin fós bhéuras Día an drung chodlus a Níosa ma ráon ris.

**15** Oír a deirmíd so ríbh a mbréithir an Tíghearna, nach rachmuidne an luchd atá beó, do fáigeadh go teachd an Tighéarna roimh an luchd atá na gcodladh.

**16** Oír tiucfuidh an Tíghearna féin a núas ó neamh maille ré gáir, ré gúth a narchaingil, agus re sdoc Dé: agus eireóchuid na mairbh a Geríosd ar túis:

**2** For ye know what commandments we gave you by the Lord Jesus.

**3** For this is the will of God, *even* your sanctification, that ye should abstain from fornication:

**4** That every one of you should know how to possess his vessel in sanctification and honour;

**5** Not in the lust of concupiscence, even as the Gentiles which know not God:

**6** That no *man* go beyond and defraud his brother in *any* matter: because that the Lord is the avenger of all such, as we also have forewarned you and testified.

**7** For God hath not called us unto uncleanness, but unto holiness.

**8** He therefore that despiseth, despiseth not man, but God, who hath also given unto us his holy Spirit.

**9** But as touching brotherly love ye need not that I write unto you: for ye yourselves are taught of God to love one another.

**10** And indeed ye do it toward all the brethren which are in all Macedonia: but we beseech you, brethren, that ye increase more and more;

**11** And that ye study to be quiet, and to do your own business, and to work with your own hands, as we commanded you;

**12** That ye may walk honestly toward them that are without, and *that* ye may have lack of nothing.

**13** But I would not have you to be ignorant, brethren, concerning them which are asleep, that ye sorrow not, even as others which have no hope.

**14** For if we believe that Jesus died and rose again, even so them also which sleep in Jesus will God bring with him.

**15** For this we say unto you by the word of the Lord, that we which are alive *and* remain unto the coming of the Lord shall not prevent them which are asleep.

**16** For the Lord himself shall descend from heaven with a shout, with the voice of the archangel, and with the trump of God: and the dead in Christ shall rise first:

**17** Na dhíagh sin inne fhúigfighear béo, fuáidéochar súas sinn ma ráon ríusan sna néulluibh, chum teagmhála don Tíghearna sa naíeur: agus mar sin bíam go síorruidhe a bhfocair an Tíghearna.

**18** Uime sin tuguidh furtachd dhá chéile ris na bríathruibhse.

### **Caibidil 5**

*An ghné ullmhuigthe is fearr, 11 fa choinne an lá dheireannuigh.*

**1** Gidheadh a dheardháithre, ní bhfuil na ríachdanus oruibh sgríobhadh chuguibh, a dtáobh aimsireadh agus mhóimenteadh.

**2** Oír atá atá s sháirfhíos aguibh féin go dtiucfuidh lá an Tíghearna mar ghaduighe sa noidhche.

**3** Oír an tan déuruid síad, Síothcháin agus neambáoghal; tiucfuidh sgrios obann orrtha an tan sin, mar thig iodhana go mnaói thorruidh; agus ní bhéuruid íad féin as.

**4** Gidheadh, a dheardháithre, ní bhfuil sibhse a ndorchadas, ionnus go dtiucfadhl an lá sin oruibh mar ghaduidhe.

**5** As clann na soillse sibh uile, agus clann an laói: ní clann do noidhche, ná don dorchadas sinn.

**6** Uime sin ná déunam codladh, do nós cháich; achd déunam faire agus bíom measárrdha.

**7** Oír an dream chodlas is ann sa noidhche chodluid síad; agus an dream ar a mbí misge is an sa noidhche bhíodh ar misge.

**8** Gidheadh sinne, atá ar gcloinn ag an lá, bímid meassarrdha, ar gcur éidigh ochda an chreidimh agus an ghrádha iomuinn; agus mhúinighne an tslánraighe, mar chlogaid.

**9** Oír ní chum feirge dórdúigh Día sinn, achd chum an tslánraighe do ghnodhughadh tré ar Dtíghearna Iósá Críosd,

**10** Noch do fuáir bás aír ar son, ionnus, mas dúsachd nó codladh dhúinn, go maifemís na fhochairson.

**11** Uime sin teaguisgidh a chéile, agus follamnuighidh a chéile, amhuiil do ní sibh mar an gcéudna.

**12** Agus íarrmuid dathchuinghe oruibh, a dheardháithre, aithne do bheith aguibh air an luchd do ní sáothar bhur measg, agus atá ó bhur gcionn sa Dtíghearna, agus theaguisgeas sibh;

**13** Agus grádh ro dhióghraiseach do bheith aguibh dhóibh ar son a noibre Bíghidh síothchánta eadruibh féin.

**17** Then we which are alive *and remain* shall be caught up together with them in the clouds, to meet the Lord in the air: and so shall we ever be with the Lord.

**18** Wherefore comfort one another with these words.

### **Chapter 5**

**1** But of the times and the seasons, brethren, ye have no need that I write unto you.

**2** For yourselves know perfectly that the day of the Lord so cometh as a thief in the night.

**3** For when they shall say, Peace and safety; then sudden destruction cometh upon them, as travail upon a woman with child; and they shall not escape.

**4** But ye, brethren, are not in darkness, that that day should overtake you as a thief.

**5** Ye are all the children of light, and the children of the day: we are not of the night, nor of darkness.

**6** Therefore let us not sleep, as *do* others; but let us watch and be sober.

**7** For they that sleep sleep in the night; and they that be drunken are drunken in the night.

**8** But let us, who are of the day, be sober, putting on the breastplate of faith and love; and for an helmet, the hope of salvation.

**9** For God hath not appointed us to wrath, but to obtain salvation by our Lord Jesus Christ,

**10** Who died for us, that, whether we wake or sleep, we should live together with him.

**11** Wherefore comfort yourselves together, and edify one another, even as also ye do.

**12** And we beseech you, brethren, to know them which labour among you, and are over you in the Lord, and admonish you;

**13** And to esteem them very highly in love for their work's sake. *And* be at peace among yourselves.

**14** Agus guidhemid sibh, a dhearbháithre, teagusgaidh ná daóine míriaghalta, tugaidh furtachd don lagchroídheach, iomchraiddh ris a nanbhfann, bighidh foighideach ris a nuile *dhuine*.

**15** Tuguidh aire ribh nách déun éinneach olc a naghuidh uilc ar bith; achd leanuidh an mhaith do ghnáth, da bhur dtáobh féin, agus do tháobh na nuile *dhaóineadh*.

**16** Bíodh gáirdechas oruibh do shíor.

**17** Bíghidh ag úrnuighe gan sgur.

**18** Beirídh buidheachas sna huile neithibh: óir a sí sin toil Dé a Níosa Críosd bhur dtáobhsa.

**19** Ná múchaidh an Sbiorad.

**20** Ná tuguidh neamhshúim a bhfaidheadóireachd.

**21** Dearbhuidh na huile neithe; congmhuidh an ní *bhias* maith.

**22** Seachnuidh gach uile chosamhlachd uilc,

**23** Agus go ndéarna Día na siothchána féin náomtha sibh go hiomlán; agus go gcoimhéudhar bhur spiorad agus bhur nanam agus bhur gcorp go huilighé ó chiontuibh go teachd ar Dtíghearna Iósá Críosd.

**24** As dileas an tí do ghoir sibh, noch fós do dhéunas *sin*.

**25** A dhearbháithre, deanuidh úrnuighe air ar soinne.

**26** Teannuidh ribh na dearbháithre uile maille ré póig náomhtha.

**27** Cuirím dúalach oruibh a bhfiadhnuisé an Tíghearna a neipisdilse do léughadh do na déarbhráithribh náomhtha uile .

**28** Grása ar Dtíghearna Iósá Críosd maille ribh. Amen.

**14** Now we exhort you, brethren, warn them that are unruly, comfort the feebleminded, support the weak, be patient toward all *men*.

**15** See that none render evil for evil unto any *man*; but ever follow that which is good, both among yourselves, and to all *men*.

**16** Rejoice evermore.

**17** Pray without ceasing.

**18** In every thing give thanks: for this is the will of God in Christ Jesus concerning you.

**19** Quench not the Spirit.

**20** Despise not prophesyings.

**21** Prove all things; hold fast that which is good.

**22** Abstain from all appearance of evil.

**23** And the very God of peace sanctify you wholly; and *I pray God* your whole spirit and soul and body be preserved blameless unto the coming of our Lord Jesus Christ.

**24** Faithful is he that calleth you, who also will do *it*.

**25** Brethren, pray for us.

**26** Greet all the brethren with an holy kiss.

**27** I charge you by the Lord that this epistle be read unto all the holy brethren.

**28** The grace of our Lord Jesus Christ be with you. Amen.